C/2025/1616

12.3.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11911 – ETA / SPL / SP MOBILITY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1616)

1. An 4 Márta 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Red Hexagon Energy Transition Asia Fund SCSp ('ETA', Lucsamburg), faoi rialú HSBC Holdings plc (an Ríocht Aontaithe),

— Singapore Power Limited ('SPL', Singeapór), faoi úinéireacht an ghrúpa Temasek Holdings (Private) Limited ('Temasek', Singeapór),

— SP Mobility Pte. Ltd. ('SP Mobility', Singeapór) atá faoi rialú SPL faoi láthair.

Gheobhaidh ETA agus SPL rialú comhpháirteach ar SP Mobility de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus trí bhíthin conartha.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste le haghaidh Bonneagar Aistrithe Fuinnimh é ETA, agus infheistíonn sé i ngnóthais a fhorbraíonn sócmhainní a bhaineann le bonneagar aistrithe fuinnimh san Áise, nó a bhfuil na sócmhainní sin acu nó a oibríonn iad,

— Is cuid de ghrúpa seirbhísí poiblí i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise é SPL, grúpa a bhfuil gnólachtaí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais agus gáis aige a oibríonn sé i Singeapór agus san Astráil, agus a sholáthraíonn réitigh fuinnimh inbhuanaithe i Singeapór, sa tSín, i Vítneam agus sa Téalainn. Is gnólacht infheistíochta ilnáisiúnta faoi úinéireacht stáit Shingeapór é Temasek.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais SP Mobility: tá líonra luchtaithe feithiclí leictreacha aige i Singeapór a oibríonn sé, agus soláthraíonn sé seirbhísí luchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha go háitiúil ar fud suíomhanna miondíola, trádála, tionsclaíocha agus cónaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11911 – ETA / SPL / SP MOBILITY

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË